**Buíochas le Dia**

Bhí naomh in Éirinn fadó agus sé an áit go raibh cónaí air ná i Sáipéilín Ghallarais. Thugadh sé an lá is an oíche ag paidreoireacht agus ag tabhairt moladh agus buíochas do Dhia na Glóire de shíor. Gach aon mhaidin théadh sé amach go dtí doras an tsáipéilín, “Moladh le Dia “a deireadh sé, shíneadh sé amach a dhá láimh, agus thiteadh bulóg aráin isteach i láimh amháin agus púnt ime isteach sa láimh eile. Bhíodh a bheatha ag teacht ó neamh chuige gan teip. D’fhéachadh sé suas ar neamh agus deireadh sé “Buíochas le Dia.”

Isteach sa tsáipéilín arís leis agus ar aghaidh leis ag paidreoireacht arís gan stad.

Mar sin a chaith sé cuid mhaith dá shaol go dtí aon mhaidin amháin. Ní raibh aon chodladh maith déanta aige agus níor bhraith sé rómhaith. Nuair a chuaigh sé chomh fada leis an ndoras d’fhéach sé amach. Bhí sé ina thuilleadh báistí, agus gaoth fhuar ag teacht isteach ón bhfarraige, lá gránna ceart.

“Nach ainnis an lá é,” ar seisean, gan aon “moladh le Dia” a rá. Shín sé amach a dhá láimh, ach b’shin a raibh de mhaith ann. Níor thit aon arán ná ím isteach iontu. Thuig sé ar an bpointe go raibh rud mícheart déanta aige, gan buíochas a thabhairt do Dhia as an drochrud chomh maith leis an rud maith.



Chuaigh sé thar n-ais sa tsáipéilín. Ansan labhair guth aingil leis agus dúirt go raibh Dia ana-mhíshásta leis toisc nár ghabh sé buíochas leis.

“An bhfuil aon tslí go maithfidh Dia dhom é?” a d’fhiafraigh an naomh.

“Tá” arsa an t-aingeal, “tabhair do mhaide, téir ar do dhá ghlúin sa tsruthán san thall agus bí ag paidreoireacht leat ag iarraidh maithiúnas air. Lean ort go bhfásfaidh féar ar bharr do mhaide. Nuair a bheidh an féar fásta air beidh maithiúnas fachta ó Dhia agat.”

Ní raibh aon rud eile le déanamh ag an naomh. Mar sin rug sé ar a mhaide agus chuaigh go dtí an abhainn ná raibh ach tamaillín ón áit agus chuaigh síos ar a dhá ghlúin ina lár. Bhí sé ana-fhuar agus ana-mhíchompordach, ach thosnaigh sé ag paidreoireacht.

N'fheadar éinne cé chomh fada is a bhí sé ansan, ach ní raibh aon fhéar ag fás ar an maide ná aon chuimhneamh air.

Aon oíche amháin ghabh beirt bhithiúnach trasna na habhann, dhá mhála ar a ndroim acu, agus iad ar a slí abhaile tar éis an oíche a chaitheamh ag scriosadh agus ag slad. Nuair a bhíodar ag dul trasna chonaiceadar mo bhuachaill ar a dhá ghlúin agus é ag paidreoireacht leis. B'ait leo é, agus chuireadar ceist air cad a bhí ar siúl aige mar sin i lár na habhann.

Mhínigh sé dóibh cad a bhí déanta aige agus conas go raibh súil aige le maithiúnas ó Dhia.

Thosnaíodar ag gáire agus ag magadh fé nuair a chualadar an scéal. D'fhágadar slán aige agus d'imíodar leo. Ach ansan thosnaíodar ag smaoineamh agus dúirt duine acu leis an nduine eile:

'Más mar sin atá sé ag an bhfear bocht sin as rud chomh simplí a dhéanamh, conas a bheidh againne go bhfuil an méid sin slad agus díobhála déanta againne le blianta?'

Dob é críoch agus deireadh na mbeart ná gur fhilleadar ar an abhainn agus chuadar ar a dhá nglúin taobh leis an Naomh. Thugadar triúr an oíche ag paidreoireacht. Nuair a d'éirigh an ghrian ar maidin d'fhéach an naomh ar an maide. Bhí féar ag fás ar bharr an mhaide. D'éirigh sé amach as an uisce, d'fhág slán acu agus d'fhill abhaile ar an sáipéilín.

Agus maidir leis na bithiúnaigh, tá sé ráite go bhfuilid fós i lár na habhann agus iad ar a ndícheall ag paidreoireacht.